An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Scéim Rannpháirtíocht Pobail na bPortach

## TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA NA SCÉIME



# Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach 2022

---

***Clár - Téarmaí agus Coinníollacha***


1 . Cúlra agus Cuspóir na Scéime

2 . Fócas na Scéime SRPP 2022

3. Maoiniú agus Amlínte

4. Incháilitheacht le haghaidh na Scéime

5. Próiseas an Iarratais agus an Mheasúnaithe

6 . Cúiteamh a Fháil as Maoiniú

7. Faisnéis Ghinearálta


**Foirmeacha**

| | |
|---|---|
| Foirm A. | Foirm Iarratais |
| Forim B. | Foirm Éileamh an Chúitimh (ar fáil ach á hiarraidh d'iarratasóirí rathúla) |

***Giorrúcháin***

| | |
|---|---|
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta |
| ATRÁO | An tAire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta |
| LCS | Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta |
| LON | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha |
| SPNF | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| ABP | Aonad Bainistíocht na bPortach |
| An Roinn | An Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta |

# Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach 2022

## 1. Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Is áiteanna ar leith iad portaigh na hÉireann (portaigh ardaithe, bratphortaigh agus eanaigh) agus cuidíonn siad lenár mbithéagsúlachta, lenár bhfolláine, lenár n-oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha a bhfeabhsú.

Tá timpeall agus 50% de na portaigh ardaithe atá ann fós i réigiún an Atlantaigh in Iarthuaisceart na hEorpa le fáil in Éirinn agus tuairiscítear go bhfuil limistéar náisiúnta na mbratphortach os cionn 250,000 heicteár san iomlán.

Cuireann Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach (SRPP) leis na cuspóirí straitéiseacha mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta um Bhainistíocht Caomhnú Limistéir Speisialta na bPortach Ardaithe 2017-2022, Tionscadal Éireann 2040 agus an Straitéis um Athghiniúint Tuath na hÉireann.

Sé cuspóir na scéime ná maoiniú a chur ar fáil chun tacú le caomhnú agus athbheochan na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON) um phortaigh ardaithe agus um bhratphortaigh agus um limistéir phortach eile ar nós eanaigh. Tá sé mar aidhm ag an Scéim ná pobail, eagraíochtaí áitiúla agus geallseaibheoirí eile a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhfeabhsú na gceantar nádúrtha máguaird agus i bhfeasacht ina dtimpeallacht áitiúil a múscailt.

Tacóidh na deontais do ghrúpaí, do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí pobail áitiúla faoin Scéim le raon éagsúil na dtionscnamh a mbaineann leas as imeachtaí, cláir oideachais, bolscaireacht, foilseacháin, taispeántais, forbairt na bpleananna bainistíochta um chaomhnú, bearta le haghaidh áiseana poiblí a chur ar fáil, bearta cothabhála maidir le caomhnú na bportach ardaithe agus na mbratphortaigh, monatóireacht nó suirbhéireacht a dhéanamh le haghaidh na bportach a n-athchóiriú/ a gcaomhnú, bearta um speicis ionracha agus rialaithe dóiteáin a dtreorú; agus tionscnaimh frith-bhruscair maidir le feabhsú na dtimpeallachta áitiúla i limistéar na bportach ainmnithe agus i limistéir phortaigh eile.

Tá an Scéim, arna riaradh ag an Rannóg Caomhnú agus Athchóiriú na bPortach de chuid an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ag iarraidh ar phobail áitiúla, ghrúpaí áitiúla, scoileanna agus páirtithe leasmhara eile a spreagadh sa bhliain 2022 chun teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht i ndáil le caomhnú agus athbheochan na Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS), Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON) agus ceantair na bportach eile agus le rannpháirtíocht an phobail agus feasacht ar ár n-oidhreacht nádúrtha a chur chun cinn. Cuireadh ciste suas le €500,000 ar fáil il eith na scéime seo don bhliain 2022.

Tá tuilleadh eolais ar na beartais náisiúnta maidir le portaigh ar fáil ar le haghaidh na bhfoilseachán 'Straitéis Náisiúnta na bPortach' (National Peatlands Strategy), 'An Plean Náisiúnta maidir leis na Limistéir ar Leith um Chaomhnú na bPortaigh Ardaithe 2017-2022' (National Raised Bog Special Area of Conservation Management Plan 2017-2022) agus 'Athbhreithníu Líonra Náisiúnta na hOidhreachta Nádúrtha maidir le Limistéar na bPortach Ardaithe' (Review of Raised Bog Natural Heritage Area Network).

**Tabhair faoi deara le nach bhfuil údaráis áitiúla nó tionscadail tráchtála incháilithe le haghaidh maoinithe faoin Scéim seo.**

## 2. Fócas na Scéime SRPP 2022

Díreofar an scéim sa bhliain 2022 ar thacú le caomhnú, athchóiriú, athbheochan Limistéir Speisialta Caomhnaithe (LSC) na bportach ardaithe agus na mbratphortach, Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON) agus limistéir portaigh eile lena n-áirítear eanach; agus ar an rannpháirtíocht agus ar an bhfeasacht poiblí maidir lenár n-oidhreacht nádúrtha a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Tacóidh scéim na bliana 2022 go háirithe na pobail ina bhfuil a leithéid thuas suite trí dheiseanna gníomhaíocht phobail a chur ar fáil, agus chun ceantair tuaithe a bheith réidh chun freagairt ar an timpeallacht eacnamaíoch iar-COVID-19.

**Conas a oibreoidh an Scéim:**

Béim an scéim seo i bhfeidhm mar scéim bhliantúil don bhliain 2022 faoi réir ghnáthphróisis bhuiséadacha na Roinne. Ní mór maoiniú a éileamh de réir na spriocdhátaí mar a chuireann an Roinn in iúl.

Glacfar le hiarratais ar thionscadail 2022 i rith na bliana. Féadfar an spriocdháta seo a leasú de rogha na Roinne.

- Ní mór na tionscadail a gceadaítear don bhliain 2022 a bheith críochnaithe faoin 5 Samhain 2022 agus éileamh ar aisíocaíocht na gcistí a maoiníodh ina leith a dhéanamh faoin 11 Samhain 2022.

Ba cheart tús a chur leis na tionscadail a mhaoinítear faoin scéim chomh luath agus is féidir.

**Cineáil Tionscadal:**

Tacóidh an Scéim le raon éagsúil tionscnamh a rachaidh chun leasa an phobail. I measc cineálacha na dtionscadal a mhaoinítear ag an Scéim de ghnáth tá cláir oideachais, foilseacháin, taispeántais, imeachtaí, áiseanna fóillíochta phoiblí, bearta áineasa, bearta cothabhála, an bhainistíocht maidir le pleananna caomhnaithe a bhforbairt, monatóireacht nó suirbhéireacht ar obair chun tionscadail le haghaidh athchóiriú agus caomhnú na bportach a threorú, bearta rialaithe i leith speicis ionracha agus tine, agus tionscnaimh frith-bhruscair maidir leis an timpeallacht áitiúil a feabhsú.

Moltar d'iarratasóirí go láidir sa bhliain 2022 smaoineamh ar na deiseanna chun pleananna bainistíochta caomhnaithe a fhorbairt dá gceantar áitiúil, tabhairt faoi staidéir féidearthachta, nó teagmháil a dhéanamh le héiceolaí mar an gcéad chéim le haghaidh bainistíochta inbhuanaithe nó forbairt na n-áiseanna a chur chun chinn ina ceantar féin.

Ní liosta iomlán é a leithéid thuas agus cuirfear fáilte roimh thionscadail nuálacha eile. Ba cheart go mbeadh an comhobair idir an pobal áitiúil agus na geallsealbhóirí lena mbaineann léirithe sna moltaí faoin Scéim.

Moltar d'iarratasóirí athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail a maoiníodh sna blianta roimhe seo chun tuiscint a fháil ar na cineálacha tionscadal a gceadaítear. Tá liostaí na dtionscadal a maoiníodh go dtí seo ar fáil ó pcengagementscheme@housing.gov.ie nó ar shuíomh Gréasáin na Ranna.

## 3. Maoiniú agus Amlínte:

Tá buiséad táscach de luach €500,000 ar fáil le haghaidh tionscadal rathúil faoi Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach 2022.

Caithfidh gach tionscadal a bheith in ann tosú ag tús na bliana 2022, agus caithfidh siad a bheith in ann críochnú laistigh de chreat ama réalaíoch, sin é, faoi thús mhí Samhain na bliana 2022.

Moltar go mbeadh na measúnuithe is cuí, na staidéir féidearthachta agus na ceadanna pleanála (más gá) i bhfeidhm nó go mbeadh dul chun cinn suntasach déanta ina leith sula gcuirfí iarratas an tionscadail isteach.

Maidir le conairí siúlóide agus bealaí rothaíochta atá beartaithe, tabhair faoi deara gur dócha go mbeidh cead pleanála nó toiliú ó na húdaráis lena mbaineann ag teastáil ó mholtaí dá leithéid. Mar sin, moltar duit do thionscadal a phleanáil ar bhonn céimnithe ag ligean an dóthain ama do gach céim agus do shaineolas gairmiúil ábhartha a lorg m.sh. comhairle éiceolaíoch agus/nó pleanála, go háirithe má tá tionscadal á mholadh agat atá gar do cheantair chosanta nó ar íogaireacht éiceolaíochta. Ba cheart an treoir faoi chonairí siúlóide agus rothair de chuid Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a mheas maidir lena leithéid.

**Ag Ullmhú do Mhaoiniú:**

Chun maoiniú a fháil, ba cheart go mbeadh stádas foirmiúil, struchtúr maith riaracháin agus rialachas an airgeadais ag an ngrúpa, ag an gcomhlacht nó ag an eagraíocht, m.sh. go mbeadh sí cláraithe mar charthanas. Is féidir le grúpa amháin gníomhú mar an scáthghrúpa do dhaoine eile i leith a leithéid.

Ba chóir go mbeadh an grúpa tar éis roinnt céimeanna a ghlacadh sula gcuirtear an iarratas isteach, lena n-áirítear buiséad a bheith ar fáil chun tiomsú airgid a chumhdach, luachanna a fháil don tionscadal atá beartaithe, na scileanna laistigh den ghrúpa a aithint le haghaidh iarratais láidir a chur le chéile, comhpháirtithe áitiúla nó náisiúnta a aithint, riachtanas agus foinse an mhaoinithe meaitseála a seiceáil, comhlíontacht an iarratais le gach critéir riachtanach a deimhniú, aon rioscaí nó dúshláin don tionscadal a aithint, a bheith soiléir maidir le haidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail, buanna an iarratasóra agus an méid atá bainte amach aige go dtí seo a leagan amach, tuiscint ar an gcaoi a bhforbróidh an tionscadal in am a chur in iúl agus a bheith in ann a thaispeáint conas atá an tionscadal ag dul chun cinn agus conas atá an buiséad á bhainistiú aige.

**An maoiniú a bhronntar agus ranníocaíocht an deontaí**

Faoi Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach, cuirfear suas le 75% de chostas iomlán an tionscadail faoin Scéim ar fáil d'aon tionscadal ar leith. Ní mór don iarratasóir/ghrúpa pobail rathúil an maoiniú 25% eile meaitseála a chur leis.

Sé an t-uasdeontas atá ar fáil ná 75% de chostais an tionscadail go dtí **uasmhéid €25,000**.

Sé an t-íos-mhaoiniú a bhronntar ar thionscadail rathúla ná **€1,000** agus an t-uasmhéid **€25,000**.

**I gcásanna eisceachtúla agus de réir rogha na Roinne, is féidir deontas a bhronnadh lasmuigh den raon seo.**

Moltar gur cheart do na tionscadail sochar díreach pobail a chur ar fáil, beartais náisiúnta an dúlra/na bithéagsúlachta/an chaomhnaithe a dtacú agus ba chóir go mbeadh siad i gcomharsanacht/laistigh de LSC/LON áitiúil de chuid phortaigh ardaithe/bhratphortaigh/eanaigh/limistéir chaomhnaithe nó limistéir luach an phobail eile.

**Ranníocaíocht Airgid**

Teastaíonn íos-ranníocaíocht 5% an airgid de chostais iomlána an tionscadail. Beidh gá leis an deontaí dearbhú a chur ar fáil go bhfuil an ranníocaíocht airgid socraithe agus taifead a choinneáil ar fhoinse na ranníocaíochta airgid.

**Maoiniú/Ranníocaíochtaí Meaitseála Comhchineál**

Caithfidh an eagraíocht/grúpa féin an 25% eile a dhéanamh suas. Gné thábhachtach de thionscadail rathúla is ea rannpháirtíocht iomlán an phobail. **Glacfar** le ranníocaíochtaí comhchineáil, m.sh. saothar deonach, ábhair saor in aisce, infheistíocht an phobail agus ranníocaíochtaí daonchairdiúla mar chaiteachas meaitseála.

Beidh cáipéisíocht mar bhileoga ama sínithe, faisnéis bhailíochtaithe maidir le ábhair agus/nó earraí a deonaíodh á n-éileamh ag an Roinn.

<u>Maidir le ábhair agus/nó earraí a deonaíodh, éilítear:</u>

- líon na n-earraí agus tuairisc fúthu,
- an dáta a cuireadh ar fáil iad, agus
- margadhluach cóir iomlán na n-earraí.

<u>Maidir le háiseanna, éilítear:</u>

- ráta foilsithe na cíosa agus na huaireanta nó na dátaí a mbaineadh úsáid as an áis.

<u>Maidir le saothar deonach, éilítear:</u>

- liosta líon na n-uaireanta a oibríodh,
- dátaí na seirbhíse,
- cineál na seirbhíse,
- arna shíniú ag bainisteoir/maoirseoir an tionscadail.

Cuirfear an cháipéisíocht seo ar aghaidh chugat lena críochnú má cheadaítear a leithéid faoin scéim.

Saothar Deonach: Má tá Ranníocaíocht Chomhchineálach i bhfoirm saothair dheonach (sin é, obair gan phá), caithfear an t-am a chaitear ar an tionscadal a fhíorú:

- Ba chóir go mbeadh an ráta a úsáidtear mar an gcéanna lena léithéid a íoctar as obair choibhéiseach. Caithfidh an deontaí a chinntiú go bhfuil údar ceart leis an ráta in aghaidh na huaire a úsáidtear de réir na hoibre a dhéantar.

- Nuair is cuid den tionscadal é an Saothar Deonach, moltar don deontaí go bhfuil feidhm ag riachtanais uile na reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta ábhartha air.

- Ni cheadaítear aon obair a baineann le riarachán an tionscadail a chur san áireamh mar shaothar deonach, m.sh. freastal ar chruinnithe, ullmhú na bhfoirm iarratais ar dheontas, obair a baineann le tarraingt anuas an mhaoinithe agus costais bhainistíochta.

Ní mór na sonraí faoi gach obair dheonach a n-éilítear a choinneáil ar an mbileog ama (1 bhileog ama in aghaidh an duine) a chuir an Roinn ar fáil. Gabhfaidh an bhileog ama na sonraí seo a leanas;

- Ainm an duine atá i mbun na hoibre,
- Cineál, am agus dátaí na n-oibreacha, cainníocht, na huaireanta a oibríodh agus an ráta san uair
- Síniú an duine a chuir an saothar comhchineáil ar fáil,
- Caithfidh an comhordaitheoir a ceapadh don tionscadail an bhileog ama a shíniú ar son an tionscadail.

**Táillí Gairmiúla, Maoirseacht agus Deimhniú na hOibre:**

Caithfear gach obair a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde agus caithfidh gach mórobair, chomh maith leo siúd a mheasann an Roinn a bheith ábhartha, a mhaoirsiú agus a dheimhniú ag gairmí cáilithe. Is féidir suas le **5% den deontas a bhronntar a úsáid i dtreo costas na dtáillí gairmiúla nuair is gá maoirseacht/deimhniú gairmiúil** (m.sh. Innealtóir/Éiceolaí srl.) a dhéanamh.

**Maoiniú Tosaithe (Réamh-mhaoiniú)**

Sa chás go bhfuil **maoiniú nua-thionscanta** ag teastáil ón iarratasóir nó ón ngrúpa, is féidir leis an Roinn, ar bhonn cás ar chás, an tionscadal nó an obair a réamh-mhaoiniú **suas le 30% de luach iomlán** an tionscadail nó de mhéad iomlán na hoibre, faoi réir cead a fháil ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí, a chaithfear a úsáid sula scaoilfear tuilleadh maoinithe. Caithfear sonraisc/admhálacha íoctha a chur isteach mar chruthúnas. Scaoilfear a leithéid maoinithe nuair a bheidh an ciste tosaigh caite go hiomlán. Má scaoiltear maoiniú nua-thionscanta agus muna dtéann an tionscadal chun cinn, caithfear an maoiniú tosaigh a **aisíoc**.

<u>Íocfar an chuid eile den mhaoiniú a deonaíodh ar bhonn caiteachais dheimhnithe amháin.</u>

Ní mór d’iarratasóirí a léiriú go soiléir conas a chaithfear an maoiniú nua-thionscanta agus an chuid eile den mhaoiniú iomlán. Ba cheart leagan amach maith ag buiséid an tionscadail agus, de réir deachleachtas an tsoláthair, ba chóir **trí mheastachán** ar a laghad a fháil de réir mar is cuí. Ba cheart amlínte agus garspriocanna an tionscadail a chur ar fáil freisin. Ní mór luachanna a fháil ón soláthróir le haghaidh earraí/ábhair/ seirbhísí ar leith. Ní ghlacfar le catalóg na n-earraí mar luachan. Ní mór duit an luachan roghnaithe a chur isteach le d’iarratas ach na luachanna eile a fuarthas a bhfuarthas a choimeád ar chomhad chun críocha iniúchta.

**An Maoiniú a Bhronnadh:**

Braitheann leibhéal cruinn an deontais a bhronntar le haghaidh tionscadail ar leith ar chineál agus ar cháilíocht an iarratais..

Caithfear aon mhaoiniú a bhronntar a úsáid ach amháin le haghaidh na cuspóirí atá luaite san iarratas Ní mór d'aon athrú ar a leithéid úsáid an mhaoinithe cead a fháil roimhré ó Roinn.

Caithfidh aon athrú maidir le soláthraithe, ábhair nó cuspóirí a chur in iúl don Roinn agus cead a fháil uaithi ina leith sula n-athrófar úsáid an mhaoinithe.

**Fógra faoin Maoiniú a Bronnadh:**

Tar éis na tionscadail le haghaidh maoinithe a gceadú, cuirfidh an Rannóg um Chaomhnú agus Athchóiriú na bPortach de chuid na Roinne de chuid na Roinne fógra na hiarratasóirí rathúla ar an eolas faoi thairiscintí **sealadacha** na maoinithe. Sonróidh an fógra seo leibhéal an mhaoinithe a ceadaíodh, an amlíne chun an tionscadal/imeacht/gníomhaíocht/obair a chríochnú agus téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe a bronnadh in am trátha chun a ligean don iarratasóir an tionscadal/imeacht/gníomhaíocht/obair a chríochnú agus an maoiniú a fháil ar ais faoin spriocdháta atá á theastáil.

Tabharfaidh an Roinn an lánchead chomh luath agus a chomhlíonann an t-iarratasóir gach coinníoll atá le réiteach.

Foilseoidh an Roinn na sonraí faoi na tionscadail/imeachtaí/gníomhaíochtaí nó faoin obair atá le maoiniú orthu faoin scéim seo.

Iarrfar ar na hiarratasóirí Foirm Aistriú Leictreonach Ciste (ALC/EFT) a líonadh isteach. Ní dhéanfar an íocaíocht ach tríd an ALC le cuntas bainc in ainm an ghrúpa nó na heagraíochta agus ní le cuntas de chuid aon bhall ar leith.

Muna meastar go raibh d'iarratas cáilithe, gheobhaidh tú litir á chur in iúl duit nach ndéanfar d'iarratas a mheas. Muna n-éiríonn le d'iarratas, gheobhaidh tú litir á chur in iúl duit nár éirigh le d'iarratas. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hAonad Bainistíocht na bPortach chun aiseolas a fháil maidir le d'iarratas.

## 4. Incháilitheacht le haghaidh na Scéime

**Cad iad cineálacha na dtionscadal/na hoibre/na ngníomhaíochtaí atá incháilithe?**

Siad seo a leanas catagóirí na dtionscadal/na n-imeachtaí/na ngníomhaíochtaí/na hoibre atá incháilithe le haghaidh maoiniú: *(Ní liosta iomlán é seo)*

**Imeachtaí/Taispeántais/Feachtais Bolscaireachta**: sin é, maoiniú chun tacú le hócáid, taispeántas, nó feachtas bolscaireachta a chur le chéile a mbaineann le caomhnú, athchóiriú, feasacht nó cur chun cinn na bportach (lena n-áirítear eanach) agus a thabharfaidh deis don phobal dul i dteagmháil leo nó taithí a fháil orthu.

*I measc samplaí na n-iarratas rathúla tá imeachtaí, taispeántais nó feachtais bolscaireachta i suíomhanna oideachais foirmiúla nó neamhfhoirmiúla nó i suíomhanna pobail, ach ní liosta iomlán é seo agus glactar le hiarratais de chineálacha eile*.

**Cláir Oideachais/Feasachta/Caomhnaithe maidir le Portaigh Ardaithe, Bratphortaigh agus Eanach:** sin é, maoiniú chun tacú le pleananna caomhnaithe/bainistíochta nó le staidéir féidearthachta a fhorbairt; nó clár oideachais nó feasachta a chur le chéile ag duine

ar leith, grúpa nó scoil/coláiste áitiúil a dhéanfaidh rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn maidir le portaigh ardaithe agus bratphortaigh agus ár bhfeasacht i leith oidhreacht ár ndúlra a ardú.

*I measc na iarratas rathúla (ach níl siad teoranta dá leithéid) tá pleananna caomhnaithe do limistéir phortaigh ardaithe/bhratphortaigh; staidéar féidearthachta maidir le áiseanna áineasa a fhorbairt; tabhairt faoi chamchuairteanna, thurais lae scoile, thurais stairiúla; nó tionscadail samhraidh, sin é, gníomhaíochtaí áineasa agus oideachais do dhaoine óga*.

**Foilseacháin/Bileoga/Nuachtlitir Áitiúil an Dúlra:** sin iad, Maoiniú chun tacú le foilseachán, bileog nó nuachtlitir a chur ar fáil ag duine ar leith nó ag grúpa pobail a ardaíonn meas agus tuiscint an phobail ar an ról ríthábhachtach atá ag na portaigh ardaithe agus na mbratphortaigh in oidhreacht saibhir dúlra na hÉireann agus a chuireann le taitneamh an náisiúin i leith na hoidhreachta sin.

*I measc samplaí de na hiarratais rathúla tá leabhair ar ghnáthóga an fhiadhúlra; agus ar fhlóra agus fhána portaigh ardaithe/bratphortaigh na hÉireann - ach glactar le hiarratais de chineálacha eile.*

**Bearta um Chaomhnú/Leasú/Fheabhsú na bPortach Ardaithe, na mBratphortach agus na nEanach:** sin é, maoiniú chun tacú le grúpaí saorálaithe áitiúla, eagraíochtaí agus daoine ar leith agus cúnamh a chur ar fáil dóibh le haghaidh oibreacha cothabhála a chur i gcrích i gcomharsanacht/laistigh de líonra LCS/LON na bPortach Ardaithe, na mBratphortach agus na nEanach nó le haghaidh tabhairt faoi bhearta caomhnaithe ar leith agus ar mhian leo an timpeallacht áitiúil a fheabhsú trí thionscadail nó trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an gcomhshaol ar leibhéal an phobail. Molaimid d'aon ghrúpa atá ag tabhairt faoi bhearta siúlóide nó conaire dul i gcomhairle leis an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus comhairle a lorg ó eagraíochtaí eile a rinne a leithéid tionscadail roimhe seo.

*I measc samplaí de na hiarratais rathúla, baint na speiceas feabhsuithe ar rochtain áineasa trí m.sh. claíocha a ngearradh, gairbhéal a scaipeadh, feabhsú na mbóithre portaigh áitiúla, bearta chun iompraíocht fhrithshóisialta a laghdú cosúil le bacainní a suiteáil, baint dramhaíola, agus comharthaíocht; agus bearta le haghaidh cháilíocht an taithí áineasa a fheabhsú m.sh. binsí, binsí picnice, cróite faire, ionaid féachana, bearta um rialú dóiteáin nó bearta suirbhéireacht an fhiadhúlra - ach glactar le hiarratais de chineálacha eile.*

Cuireann an Roinn fáilte roimh thionscadail a bhfuil baint acu le forbairt na bpleananna caomhnaithe, na bpleananna bainistíochta agus staidéir na féidearthachta agus roimh obair atá le tabhairt fúithi ar bhonn céimnithe agus breithnithe.

Téigh i dteagmháil le do mhaor SPNF áitiúil chun treoir a fháil maidir lena leithéid oibre a dhéanamh nó maidir le comharthaíocht a thógáil i gcomharsanacht suímh cosanta (m.sh. LCS, LON).

**Níl aon mhaoiniú ar fáil faoin scéim seo le haghaidh rochtana nó bearta feabhsúcháin bóthair nó draenacha ar phortaigh a úsáidtear le haghaidh móna a ghearradh nó chun chríche tráchtála.**

**Ní mór go mbeadh gá le aon obair feabhsúcháin agus ní mar ghnáthchothabháil amháin nó den chineál a mbeifí ag súil go réasúnta go ndéanfadh an t-iarratasóir féin a leithéid.**

**Ní mhaoineoidh an Roinn go foirmiúil aon ghníomhaíochtaí:**

- Tionscadail ar leas duine ar leith amháin
- Trealamh nach bhfuil baint dhíreach aige leis an tionscadal
- Tionscadail a ghineann ioncam
- Forchostais, costais reatha leanúnacha
- Árachas

Ba cheart cúram ar leith a ghlacadh le hobair atá beartaithe i limistéar ainmnithe, mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS), Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON), srl.

Ní mór aon scagadh atá riachtanach le haghaidh measúnuithe iomchuí agus/nó measúnuithe comhshaoil/ceaduithe/ceadanna pleanála eile srl a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a bheith i bhfeidhm sula dtosófar ar an obair.

Ba cheart don iarratasóir a chinntiú go bhfuil gach cead riachtanach faighte aige ó gach úinéir talún lena baineann (Príobháideach agus Poiblí) maidir leis an obair atá beartaithe, agus go gcomhlíonann an obair, nuair is infheidhme, na caighdeáin ar leith arna leagan síos ag na comhlachtaí ábhartha. Maidir le tionscadail a mbaineann go háirithe le forbairt cosán siúlóide, rotharbhealaí srl nó ar fud tailte príobháideacha, caithfear cruthúnas comhairliúcháin agus comhaontaithe a thabhairt do gach úinéir talún áitiúil lena mbaineann.

**Maoirseacht ar Dul Chun Cinn an Tionscadail**

Ba cheart tús a chur leis na tionscadail a mhaoinítear faoin scéim chomh luath agus is féidir. Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Roinn tuilleadh faisnéise a iarraidh, cigireachtaí a dhéanamh ar aon thionscadal/imeacht/ghníomhaíocht/obair atá á mbreithniú le haghaidh maoinithe nó cigireachtaí a dhéanamh ar aon thionscadal/imeacht/ghníomhaíocht/obair atá ceadaithe le haghaidh maoinithe má mheastar go bhfuil gá leo.

## 5. An t-Iarratas agus Próiseas an Mheasúnaithe

**Léargas ar an bPróiseas**

Déanfaidh an Roinn an scéim a fógairt agus measfaidh sí agus molfaidh sí na hiarratais a mbreithneoidh an t-Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar mhaoiniú faoin scéim. Is féidir leis an Roinn cigireacht a dhéanamh ar aon thionscadal/imeacht /ghníomhaíocht/obair lena chinntiú go bhfuil sé curtha i gcrích de réir dea-chleachtais/dualgais reachtúla. Is féidir léi cigireacht a dhéanamh freisin ar aon tionscadal/imeacht/ghníomhaíocht/obair atá á mbreithniú le haghaidh maoinithe faoin scéim.

Fógrófar an scéim ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra www.npws.ie agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne www.housing.gov.ie agus ar na meáin shóisialta eile.

Scaipfear cóip leictreonach de Théarmaí agus Choinníollacha na scéime, an bhileog faisnéise poiblí agus an fhoirm iarratais chuig na húdaráis áitiúla, na páirceanna náisiúnta, agus ionaid chuairteoirí na Roinne, agus chuig grúpaí agus páirtithe sainleasa.

Ní mór don iarratasóir an t-iarratas ar mhaoiniú faoi Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach a dhéanamh ar nó roimh:

Ní mór don iarratasóir **1 chóip** den fhoirm iarratais chríochnaithe agus shínithe a chur isteach in éineacht le Ráiteas Modha agus aon ábhair eile, más ábhartha, trí r-phost chuig pcengagementscheme@housing.gov.ie nó tríd an bpost chuig an seoladh atá leagtha amach ag tús an fhoirm iarratais.

**Cuirtear in iúl d'iarratasóirí go bhféadfadh teip ar leordhóthain mionsonraí a chur ar fáil san fhoirm iarratais agus sa ráiteas modha a gcuid iarratas a lagú go mór.**

**Ní bhreithneofar aon iarratas nach bhfuil líonta isteach go hiomlán nó nach bhfuil sínithe.**

**Tá do mhaor áitiúil Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) le fáil ar:** https://www.npws.ie

Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do mhaor áitiúil sula dtosaíonn tú do thionscadal/imeacht/ghníomhaíocht/obair gar/laistigh do limistéar cosanta (LCS/LON/Tearmann Dúlra) de réir mar a d'fhéadfadh toiliú a bheith ag teastáil le haghaidh na h-oibre. Is féidir leis an maor comhairle a thairiscint duit freisin maidir le gnéithe de chaomhnú an dúlra agus den bhithéagsúlacht maidir le do thionscadal.

**Stádas Dlí:**

Ní mór cruthúnas ar stádas dlí aon ghrúpa/chomhlachta/eagraíochta a chur isteach leis an iarratas chomh maith le haon deimhniú imréitigh cánach lena bhaineann.

I measc na gcáipéisí, ba chóir go mbeadh: cruthúnas ar stádas dlí na heagraíochta, na sonraí maidir cuntas banc na heagraíochta, cóip de bhunreacht na heagraíochta mar aon le hainmneacha agus sonraí an chathaoirligh, an rúnaí agus an chisteora.

**Próiseas an Mheasúnaithe**

Scrúdófar na hiarratais de réir fiúntais agus breithneofar iad faoi réir an dóthain maoinithe a bheith ar fáil. Ba cheart go léireodh na tionscadail luach maith ar an airgead freisin agus go mbeadh siad ag teacht le haidhmeanna iomlána na scéime.

Agus na hiarratais á gceadú agus na tionscadail rathúla á roghnú aici, déanfaidh an Roinn breithniú ar roinnt tionchar, lena n-áirítear: an fhaisnéis atá ar fáil san Fhoirm Iarratais; an Ráiteas Modha; raon, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal atá beartaithe; aon mhaoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo; agus cúinsí ábhartha eile

Tabhair faoi deara go bhféadfadh líon na dtionscadal a cheadaítear do chomhlacht ar leith a laghdú i gcás ina raibh an iomarca moilleanna ag na tionscadail a ceadaíodh don chomhlacht sin faoi bhabhtaí roimhe seo den Scéim.

Déanfar na tionscadail a meas ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach agus faoi na critéir ualaithe seo a leanas:

| **Critéar** | **Ualú (%)** |
|---|---|
| 1. Cáilíocht agus Caighdeán an Tionscadail agus an Ráiteas Modha (má bhaineann) | 15 |

| | | |
|---|---|---|
| 2. | Luach ar an Airgead | 15 |
| 3. | Cumas na oibre, an tionscadail, na hócáide nó na gníomhaíochta a sheachadadh | 15 |
| 4. | Cumas Ardú an Caomhnaithe, an Oideachais agus na Feasachta maidir le Portaigh Ardaithe/Bratphortaigh/Eanach | 20 |
| 5. | Tairbhe as Rannpháirtíocht an Phobail | 20 |
| 6. | Pleananna i leith Riosca agus Maolaithe* | 15 |

*Pleananna Riosca agus Maolaithe - Caithfidh Comhordaitheoir an Tionscadail meastóireacht ghairid a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an tionscadal beartaithe sula gcuirtear isteach é. Ba cheart don iarratasóir mionsonraí a thabhairt faoi aon riosca suntasach do sheachadadh an tionscadail agus conas is féidir a leithéid rioscaí a mhaolú. Caithfear measúnú a dhéanamh freisin maidir le conas a ghabhfar agus a chuirfear tionchair na dtionscadal in iúl don phobal i gcoitinne. Ní mór go mbeadh tacaíocht ón bpobal i gcoitinne don tionscadal atá á mholadh agus caithfidh an fhianaise ina leith a cur isteach leis an iarratas. Ní mór fianaise ar aon chomhairliúchán leis an bpobal nó leis na spriocghrúpaí a bhfuil sé mar aidhm acu freastal orthu a chur ar fáil leis an iarratas más cuí.

I ndiaidh na n-iarratas a meas, molfaidh Rannóg Caomhnú agus Athchóiriú na bPortach de chuid na Roinne na tionscadail agus leibhéil an mhaoinithe lena mbaineann don Aire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta.

## RÁITEAS MODHA

Sa bhliain 2022 caithfear **ráiteas modha** maidir leis an obair fisiciúil a chur isteach a oireann do scála agus do ghné an tionscadail. Séard atá i ráiteas modha ná doiciméad a chuireann síos conas a dhéanfar tasc nó gníomhaíocht áirithe. Ba cheart go luann sé na gníomhaíochtaí atá le déanamh ar bhonn céim ar chéim. Féach ar an teimpléad treorach thíos.

**Cuirtear in iúl d'iarratasóirí go bhféadfadh a n-iarratas a lagú go mór muna bhfuil an dóthain sonraí ar fáil sa ráiteas modha.**

## Nóta Treorach i leith Ráitis Modh

Ba cheart go mbeadh an Ráiteas Modh oiriúnach do ghné agus do scála na hoibre atá beartaithe. **Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas sa Ráiteas Modh le haghaidh oibre fisiciúla:**

**1. Cur síos gearr ar an limistéar ina bhfuil an obair/tionscadal atá beartaithe suite.**

Ba chóir go mbeadh cur síos gearr ar an limistéar mar atá sé faoi láthair, ina measc cur síos ar na gnéithe ar leith a mbaineann leis, a chuma, a shuíomh, a chruth, a bhail, a fheidhm reatha agus a thábhacht.

**2. Ní mór léarscáil den tsuíomh atá marcáilte go soiléir a chur ar fáil ar scála agus ar cháilíocht oiriúnach.**

Ba cheart go mbeadh gach 'beart ar an talamh' agus gach obair fhisiciúil atá beartaithe marcáilte chomh cruinn agus chomh soiléir agus is féidir.

**3. Cur síos gearr ar an obair/tionscadal atá beartaithe.**

Ba cheart go n-aithneodh sé seo aon cheist a bhfuil riosca ag baint léi, an obair atá beartaithe, conas a thabharfar an obair, bearta riachtanacha na sábháilteachta agus an tsonraíocht agus na hábhair atá le n-úsáid. Caithfidh pleananna, líníochtaí agus meáin tacaíochta mar ghrianghraif nó léaráidí eile a bheith san áireamh ann agus ba cheart go dtabharfadh sé aghaidh de ghnáth ar na ceisteanna seo a leanas (agus ar aon cheist eile a meastar go bhfuil tábhacht ag baint léi):

a) An bhfuil an obair shealadach nó bhuan?
b) Cén cineál oibre atá á moladh agus cén suíomh ina tabharfar uirthi?
c) Cén mhaoirseacht agus cén mhonatóireacht a ndéanfar ar an láthair?
d) Cur síos gairid ar sceideal nó ar sheicheamh na hoibre
e) An bhfuil an dóthain rochtana/bhealaigh amach ann?
f) Costas measta an tionscadail
g) Dáta tosaigh measta agus dáta críochnaithe an tionscadail

**4. Ráiteas tionchair agus na bearta maolaithe atá beartaithe (má bhaineann**).

Caithfidh a leithéid aghaidh a thabhairt ar aon droch-thoradh a d'fhéadfadh teacht as an obair agus cur síos a dhéanamh ar conas is féidir a leithéid a maolú.

**5.Cur síos géar ar chéimeanna eile den tionscadal atá le teacht (má bhaineann)**

**6. Líon na sonraí maidir le haon chonraitheoir, cheardaí nó phearsanra lena mbaineann isteach sa tábla thíos**

| | |
|---|---|
| Conraitheoir(í)/Ceardaí(ithe)/(Pearsanra)<br><br>Ainm:<br><br>Stádas: | Seoladh: |
| Guthán/Fón Póca: | rPhost: |
| Uimhir Tagartha Cánach: | Dáta: |
| An bhfuil leibhéal sásúil comhlíontachta cánaigh léirithe i leith fo-chonraitheoirí? | Tá Níl |
| Breac-chuntas ar thaithí maidir le tionscadail/obair den chineál chéanna | |

**Caithfear gach cead/luachan a bhfuil gá leo (m.sh. Cead an Aire, Cead Pleanála, aon Mheastachán is cuí, Meastachán Straitéiseach an Comhshaoil, cead úinéir na talún, socruithe léasa) a lua ar an bhfoirm iarratais chomh maith le breach-chuntas a thabhairt maidir le cathain a bronnadh/a bhfuarthas a leithéid.**

Tá tuilleadh eolais faoi cheadanna i leith oibre/tionscadal a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht náisiúnta le fáil ar shuíomh Ghréasáin de chuid Seirbhísí Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) ag www.npws.ie.

Caithfear dul i gcomhairle leis na deontoirí agus le héinne eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an tionscadal/imeacht/ngníomhaíocht/obair atá beartaithe orthu, sula dtosaítear ar an tionscadal/imeacht/ngníomhaíocht/obair, agus toiliú i scríbhinn a fháil don tionscadal/imeacht/ghníomhaíocht/obair a chur i gcrích lena n-áirítear iontráil ar a gcuid tailte. **Caithfear an toiliú i scríbhinn ina leith a chur isteach leis an bhfoirm iarratais**.

Caithfidh gach beart a dhéantar chun rochtain ar limistéir portach ardaithe/bratphortach/eanach a fheabhsú machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí a mbaineann i leith sábháilteachta, dliteanais agus rochtana.

**Riachtanais agus Toilithe Reachtúla**

Caithfidh aon obair a cheadaítear faoin scéim seo gach riachtanas reachtúil a chomhlíonadh lena n-áirítear an reachtaíocht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas, reachtaíocht na fostaíochta agus an chomhshaoil agus an gá le cead pleanála nó toilithe ábhartha eile, nuair is cuí.

I gcás go mbeartaítear obair a dhéanamh ar cheantair atá faoi chosaint faoin Acht um Fhiadhúlra 1976, faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000, faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Éan agus Nádúrtha) 2011 agus/nó faoi na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta, ní mór don iarratasóir cruthúnas a chur ar fáil gur comhlíonadh a leitheíd riachtanas reachtúla maidir le fógra a thabhairt nó le haghaidh cead Aireachta faoina leithéid hAchtanna/Rialacháin seo.

Ag brath ar chineál an tionscadail/na himeachta /na gníomhaíochta /na hoibre, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cead a fháil chomh maith ó údaráis toilithe eile.

## 6. An Maoiniú a Fháil

### Léargas ar Phróiseas na hÍocaíochta

Tá an Rannóg um Caomhnú agus Athchóiriú na bPortach de chuid na Roinne freagrach as an maoiniú a cheadaítear faoin Scéim a íoc leis na hiarratasóirí rathúla. Tá an Roinn faoi dhualgas **Ciorclán 13/2014: Bainistíocht agus Freagracht as Deontais ó Chistí an Státchiste agus na riachtanais a mbaineann le cód an chaiteachais phoiblí.***

** Sé atá ann mar bhunphrionsabal ná gur chóir go mbeadh an trédhearcacht agus an chuntasacht i bhfeidhm maidir le bainistíocht na gcistí poiblí agus ar aon dul leis an éifeachtacht agus éifeachtúlacht an phróisis, m.sh. tugann an ciorclán breac-chuntas nár cheart d'fhaighteoirí na ndeontas sócmhainní atá maoinithe ag an bpobal a dhiúscairt gan cead a fháil roimh ré ina leith.*

Is le haghaidh an tionscadail/na himeachta/na gníomhaíochta/na hoibre mar a thuairiscítear a leithéid sa litir cheadaithe ón Roinn amháin a bheidh aon mhaoiniú atá á thairiscint. I gcás athruithe suntasacha ar nós athrú soláthraithe, na n-ábhar le húsáid nó cuspóirí an tionscadail, caithfear a leithéid a chur in iúl don Roinn agus cead díreach a fháil ina leith sula rachfar ar aghaidh.

**Ní mór do gach tionscadal/ imeacht/ gníomhaíocht/obair a bheith críochnaithe agus, más gá, deimhnithe ag gairmí ábhartha sular féidir leis an iarratasóir íocaíocht a lorg.**

Ní íocfar aon deontas ach ar chríochnú an tionscadail/na himeachta/na gníomhaíochta/na hoibre agus ar na cáipéisí seo a leanas a chur isteach sula ndéantar an maoiniú deiridh a tharraingt anuas:

- An ALC a chríochnú;
- An bhileog Fhoirm Íocaíochta B a líonadh isteach;
- An obair a dheimhniú ag gairmí ábhartha (m.sh. ailtire, innealtóir, suirbhéir);
- Fáltais dhearbhaithe atá **SÍNITHE agus DÁTAITHE** ag an soláthróir;
- Sonraisc arna marcáil "Íoctha" atá **SÍNITHE agus DÁTAITHE** ag an soláthróir;
  *NÓTA: ní leor sonrasc arna stampáil "ÍOCTHA" amháin*
- Tuairisc faoin tionscadal/ imeacht/ngníomhaíocht/obair a rinneadh le cúnamh deontais; agus
- Faisnéis breise a chur ar fáil lena n-áirítear grianghraif agus, más gá, cóip d'aon ábhar a rinneadh m.sh. leabhair, leabhráin srl.

Caithfidh iarratasóir a dhéanann éilimh ar mhaoiniú deontais ar bhonn caiteachais dheimhnithe a rá:

- go mbaineann na sonraisc a úsáidtear chun tacú lena héileamh le gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na Scéime agus gur íocadh iad; agus
- nár úsáideadh agus ní úsáidfear na sonraisc mar thaca le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(í) eile (ach amháin mar a ligtear dó i gcomhaontú maidir le socrú cómhaoinithe).

Sa chás gur éiriódh as an tionscadal/imeacht/ngníomhaíocht/oibreacha, ní mór don iarratasóir an Roinn a chur in iúl láithreach agus méid iomlán aon mhaoinithe a bhfuarthas a aisíoc.

**Gnáis Tras-seiceála**

I roinnt cásanna d'fhéadfadh go mbeadh tionscadail i dteideal maoiniú a fháil ó níos mó ná scéim/clár maoinithe poiblí amháin. Ionas a chinntiú ina leithéid cásanna nach sáraítear teorainn chostas iomlán an tionscadail ó mhaoiniú poiblí - gan CBL a áireamh - ach amháin in imthosca eisceachtúla, is féidir an fhaisnéis a chuireann an t-iarratasóir ar fáil a thras-seiceáil le comhlachtaí poiblí eile laistigh de threoirlínte cosaint na sonraí.

**Caiteachas Incháilithe agus Táillí Gairmiúla**

Ceadaítear **Cáin Bhreisluacha (CBL)** mar chaiteachas incháilithe faoin Scéim seo. Ceadaítear, áfach, ach an chuid amháin sin den obair atá á maoiniú agus in imthosca nach féidir leis an tairbhí a leithéid CBL a aisghabháil ar aon bhealach eile**.**

Ceadaítear **Táillí Gairmiúla** mar chaiteachas incháilithe faoin scéim seo. Mar sin féin, ceadaítear a leithéid **i leith ach an chuid amháin sin den obair atá á maoiniú agus ní ligtear dóibh a bheith níos mó ná 5% de mhaoiniú iomlán an tionscadail a bronnadh.** Is féidir leo baint a bheith acu le táillí le haghaidh suirbhéanna, ráitis modha, maoirseacht agus monatóireacht ar an láthair, costais réasúnta taistil agus cothaithe agus teastas chríochnú an tionscadail.

**Riachtanais maidir le Bainistíocht an Airgeadais:**

Feidhmíonn Scéim Rannpháirtíochta Pobal na bPortach faoi phrionsabail an chóid chaiteachais phoiblí trína gcuirtear iallach ar gach comhlacht poiblí in Éirinn na cistí poiblí a bhainistiú go cúramach agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr agus is féidir ar an airgid aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag http://publicspendingcode.per.gov.ie .

Ba cheart don deontaí aird ar leith a thabhairt ar **Chiorclán 13/2014: Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státchiste;** tá tuilleadh eolais ina leith ar fáil ag http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf**.** Ní mór don deontaí a chinntiú go bhfuil bainistíocht cheart an airgeadais i bhfeidhm agus go bhfuil rian iniúchta leordhóthanach ar fáil agus go ndéantar á chothabháil le haghaidh an mhaoinithe a bronnadh faoin scéim seo. Caithfear Ráitis an Airgeadais a chur faoi bhráid na Roinne ag deireadh na bliana airgeadais. Sa chás nach bhfuil cuntais iniúchta ar fáil, ní mór don Roinn a bheith sásta go bhfuil ráitis oiriúnacha an airgeadais ann ar féidir glacadh leo mar mhalairt.

Ina theannta sin, caithfidh gach iarratasóir rathúil tuairisc a dhéanamh ina ráitis airgeadais, sa chás ina chuirtear a leithéid ráitis ar fáil, faoin maoiniú a fuarthas ón scéim mar seo thíos:

- Ainm na Roinne, an teidil bheacht atá le húsáid sa tuairisc, sin é, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- Ainm beacht na Scéime, sin é, Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach;
- Méid an mhaoinithe a bhfuil cuntas air i ráiteas reatha an airgeadais;
- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil srian ar úsáid an mhaoinithe (sin é, an bhfuil sé le haghaidh tionscadail ar leith nó le haghaidh seirbhíse a chur ar fáil).

## 7. Faisnéis Ghinearálta

**Grianghraif/Luachanna Oibre/Imréiteach Cánach**

Iarrann an Roinn ar an iarratasóir/na hiarratasóirí grianghraif dhigiteacha ar ardchaighdeán maidir leis an tionscadal a chur ar fáil nuair a thosaíonn aon obair/tionscadal agus tar éis don tionscadal/ obair a chríochnú, ar féidir leo a úsáid níos déanaí chun comparáid 'roimh agus tar éis' chun críocha tuairiscithe.

Tabhair faoi deara gur féidir leis an Roinn aon nó gach íomhá a chuirtear ar fáil a úsáid chun an Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach a fhógairt nó a phoibliú muna n-ordaíonn an t-iarratasóir a mhalairt. Moltar d'iarratasóirí cead a fháil maidir le húsáid a baint as íomhánna (más gá) sula gcuireann siad faoi bhráid na Roinne iad agus a leithéid á ndearbhú acu i scríbhinn.

Ba cheart buiséid an tionscadail a leagan amach go slachtmhar agus **trí mheastachán** ar a laghad a fháil de réir mar is cuí faoi phrionsabail deachleachtais an tsoláthair agus ba cheart na mionsonraí i scríbhinn den mheastachán a roghnaíodh don tionscadal/imeacht/ghníomhaíocht/obair **a chur isteach leis an iarratas**.

**Caithfear** fianaise ar chomhlíonadh imréitigh cánach nó stádas carthanúil a chur isteach leis an iarratas má bhaineann, mar aon le **fianaise ar stádas dlíthiúil** na heagraíochta/an ghrúpa, sonraí cuntas bainc agus cóip de bhunrialacha na heagraíochta/grúpa.

**Ní mór** toiliú i scríbhinn ón úinéir nó ó úinéirí eile lena mbaineann maidir le gach obair/ tionscadal/imeacht/gníomhaíocht atá beartaithe (má bhaineann) a chur isteach leis an iarratas **chomh maith**.

**Gnáis Imréitigh Cánach:**

Caithfear cloí le na gnáis imréitigh cánach a mbaineann le híocaíochtaí deontais ón earnáil phoiblí mar atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tabhair faoi deara go bhfuil gnáis nua Imréitigh Cánach tar éis teacht isteach ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.revenue.ie. De réir Alt 4 (1) de Chiorclán 44/2006 de chuid na Roinne Airgeadais: *Gnáis Imréitigh Cánach: Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí Cosúla*, bí cinnte go bhfuil gach iarratasóir, conraitheoir agus fochonraitheoir ag cloí leis na gnáis imréitigh cánach is cuí.

**Poiblíocht:**

Caithfidh iad siúd a bhfuil maoiniú faoi Scéim Rannpháirtíocht Pobal na bPortach á fháil acu aitheantas a thabhairt do rannchuidiú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Natura 2000 (nuair a bhaineann a leithéid le tionscadail laistigh de Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta) i ngach cainéal poiblíochta chlóite agus ar líne acu a bhaineann leis an tionscadal/ imeacht/ngníomhaíocht/obair atá á maoiniú mar aon i dteannta le gach lógó ábhartha. I measc a leithéid tá:

- Cláir suímh, cláir fógraíochta, cláir faisnéise agus painéil léirmhínithe;
- Foilseacháin chlóite agus ar líne;
- Ábhair phoiblíochta clóite mar bhileoga, cláir imeachta, phóstaeir, bhróisiúir, bhileoigíní, nuachtlitreacha agus phreaseisiúintí;
- Fógraíocht;
- Ábhair oideachais agus léirithe;

- Cumhdaigh CD agus DVD agus pacáistiú eile ag baint leo; agus
- Creidmheasanna scannáin, teilifíse agus físe ar líne.

Cuirfidh An Rannóg um Chaomhnú agus Athchóiriú na bPortach de chuid na Roinne na lógónna ábhartha ar fáil.

**Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol:**

Tá iarratais ar mhaoiniú faoin scéim seo faoi réir na *nAchtanna um Shaoráil Faisnéise* agus na *Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol.*

De réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is féidir leis na sonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh chuig tríú páirtithe, arna leithéid a iarraidh dóibh. Má tá aon fhaisnéis íogair nó rúnda i d'iarratas, déan á haithint í agus mínigh cén fáth nár cheart á nochtadh. Má fhaightear iarratas d'fhonn faisnéise íogaire a scaoileadh de réir na reachtaíochta, rachfar i gcomhairle leat sula ndéanfar cinneadh cibé ar cheart an fhaisnéis a scaoileadh. Mar sin féin, muna n-aithnítear aon fhaisnéis mar fhaisnéis íogair, d'fhéadfaí á nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

**Iniúchadh agus Coinneáil na gCáipéisí:**

Is féidir leis na tionscadail a bheith faoi réir iniúchta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus/nó ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Caithfear an doiciméadeacht uile a baineann leis an Scéim seo a choinneáil i gcomhad ar feadh 7 mbliain ar a laghad tar éis druidim na Scéime seo. Má tá na cáipéisí á stóráil go leictreonach, ba cheart go gcloífidh na gnáis a n-úsáidtear chun á leithéid a déanamh leis an *Acht Ríomhthráchtála, 2000*.

**Cosaint na Leanaí:**

Cloífidh an deontaí leis an Acht um Leanaí '2015 agus le 'Children First - Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas na Leanaí'. Sa chás go bhfuil leanaí ag glacadh páirt sa tionscadail/imeachtaí/ghníomhaíochtaí atá á mhaoiniú, iarrfar ar an deontaí dhearbhuithe a chur ar fáil go bhfuil na beartais/socruithe maidir le cosaint na leanaí i bhfeidhm.

**Ath-leithdháileadh Maoinithe:**

Is féidir leis an Roinn ath-leithdháileadh a dhéanamh ar an maoiniú muna dtosaíonn an tionscadail faoin dáta a luaitear agus muna gcríochnaítear é faoin spriocdháta. Ba cheart aon saincheisteanna a bhaineann le riarachán na scéime seo a dhíriú ar an gcéad dul síos chuig an Rannóg um Chaomhnú agus Athchóiriú na bPortach de chuid an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Teagmháil:**

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil nó fiosrúcháin a dhéanamh maidir le hoibriú na scéime seo, is féidir le hiarratasóir teagmháil a dhéanamh le **Aonad Bainistíocht na bPortach de chuid an Rannóg um Chaomhnú agus Athchóiriú na bPortach** sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Y35 AP90 no trí r-phost agpcengagementscheme@housing.gov.ie

**Próiseas Gearán/Achomharc:**

I gcás gearáin i ndáil le riarachán na Scéime, is féidir leis an iarratasóirí an cheist a chur roimh an Rannóg um Caomhnú agus Athchóiriú na bPortach de chuid an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh athbhreithnithe bainistíochta inmheánaí leis an rogha aige, má tá sé míshásta leis an toradh, ar dara hathbhreithniú a fháil ar leibhéal bainistíochta níos sinsearaí laistigh den Roinn. Ina dhiaidh sin áfach, má bhraitheann sé nár dhéileáil an Roinn lena ghearáin go sásúil, is féidir leis an iarratasóir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman.

**Úsáid na Sonraí:**

**Ráiteas na Príobháideachta:**

Geallann an Roinn go ndéanfar do phríobháideacht a meas agus a cosaint agus baineann sí úsáid as na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is cuí chun do chuid sonraí a chosaint ó rochtain neamh-údaraithe. Ní dhéanfaidh an Roinn do shonraí a bproiseáil ar chúis ar bith ach amháin i leith na gcuspóirí faoina mbailíodh iad. Is féidir le sonraí pearsanta a roinnt le Ranna eile an Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí eile an Stáit nó comhlachtaí poiblí eile i gcúinsí ar leith a ligtear dóibh faoin dlí.

Coimeádfaidh an Roinn seilbh ar do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada agus a bhfuil gá leo maidir leis na cuspóirí faoina bailíodh iad agus a proiseáladh iad ina dhiaidh sin. Nuair a bhfuil a leithéid gá ídithe, scrúdofar an fhaisnéis seo le fonn aon sonraí pearsanta atá inti a scriosadh chomh luath agus is féidir agus de réir bearta na Roinne.

Tá Ráiteas na Príobháideachta de chuid na Roinne i leith solathraithe ar leith, íocaithe agus deontaithe le feiceáil ar ár suíomh Ghréasáin ag: Privacy Statement | Department of Housing, Local Government and Heritage (old.gov.ie)  Tá tuilleadh eolais faoi Chosaint na Sonraí ar fáil ar ár suíomh Ghréasáin ag: Data Protection Policy | Department of Housing, Local Government and Heritage (old.gov.ie)

gov.ie/housing

Department of Housing, Local Government and Heritage

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage